Iniúchtaí eolaíochta na bunscoile
https://rsc.li/3lTLH1D

# Lampa laibhe

why & how? PRIMARY SCIENCE TEACHING TRUST

ROYAL SOCIETY OF CHEMISTRY

# Lampa laibhe

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

Iniúchadh ar an méid gáis (coipeadh) a bhíonn i ndeoch shúilíneach.






# Cuspóirí foghlama

## Tuiscint

- Tuigim gur féidir le hábhair a bheith ina solad, ina leacht nó ina ngás.
- Tuigim go mbíonn mais ag gáis.

## Scileanna taighde:

- Táim in ann tomhais chruinne a thógáil.
- Táim in ann mo chuid scileanna matamaitice a úsáid san eolaíocht.



# Foclóir áisiúil

- **Solad:** ábhar ag a bhfuil toirt sheasta agus nach n-athraíonn a chruth.
  Mar shampla: oighear, adhmad agus seacláid (ag teocht an tseomra).
- **Leacht:** ábhar ag a bhfuil toirt sheasta agus atá in ann sreabhadh agus a ghlacann cruth a ghabhdáin.
  Mar shampla: uisce, sú agus laibhe.
- **Gás:** ábhar a scaipeann i ngach treo, agus a líonann a ghabhdán. Is féidir gáis a chomhbhrú.
  Mar shampla: ocsaigin, dé-ocsaíd charbóin agus nítrigin.
- **Mais:** an méid ábhair, nó ‘stuif’, a bhíonn i ní. Tomhaistear mais i ngraim agus i gcileagraim.
- **Dé-ocsaíd charbóin:** ábhar ar gás í ag teocht an tseomra agus a chuirtear le deochanna chun iad a chur ag coipeadh (chun deochanna súilíneacha a dhéanamh díobh).



# Modh

1. Faighigí mais iomlán na dí súilíní le scála digiteach.
2. Doirtigí an deoch isteach i gcrúiscín tomhais agus tomhaisigí mais an bhuidéil.
3. Ansin, caithfidh sibh maiseanna an gháis agus an leachta a fháil leo féin. Beidh oraibh iarracht a dhéanamh dá mhéad gáis agus is féidir a fháil ón leacht gan aon chuid a dhoirteadh – cén chaoi a bhféadfaí sin a dhéanamh?





4. Nuair a cheapann sibh go bhfuil an gás ar fad imithe (nuair atá an deoch leamh), tomhaisigí mais an leachta – an féidir libh smaoineamh ar bhealach le mais an leachta a fháil cé is moite den chrúiscín?
5. Ar deireadh, úsáidigí bhur scileanna matamaitice chun a oibriú amach cé mhéad den mhais bhunaidh a bhí ina solad (an buidéal), cé mhéad a bhí ina leacht agus cé mhéad a bhí ina gás.






# Céard a d'fhoghlaim sibh?

## Cé mhéad coipthe a bhíonn i ndeoch shúilíneach?

Cuirigí bhur dtorthaí i gcomparáid leis an rang.

- An raibh an méid céanna gáis i ngach deoch?
- Ar chuir aon chuid de na torthaí ionadh oraibh?



# Meastóireacht

Céard a cheapann sibh faoinár g**cuspóirí foghlama** inniu?

- Tuigim gur féidir le hábhair a bheith ina solad, ina leacht nó ina ngás.
- Tuigim go mbíonn mais ag gáis.
- Táim in ann tomhais chruinne a thógáil.
- Táim in ann mo chuid scileanna matamaitice a úsáid san eolaíocht.

Má tá sibh muiníneach gur féidir, sínigí cúig mhéar in airde, nó sínigí méar amháin más fearr libh an ceacht a phlé arís.





# Buíochas

Sleamhnán 2: íomhá © monticello/Shutterstock
Sleamhnáin 5 agus 6: íomhánna © Royal Society of Chemistry
Sleamhnán 9: íomhá © Sichonl/Shutterstock